

Na hIonaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla a chuimsítear sa Chód Iompair seo

	NÍ CHEADAÍTEAR MADRAÍ	NÍ MÓR MADRAÍ A CHOINNEÁIL AR ÉILL
GACH PÁIRC, GAIRDÍN AGUS TÍRDHREACH DEARTHACHA DE CHUID OOP	<ul style="list-style-type: none"> Clóis súgartha páisti Gach caifé & bialann Leithris Garraithe daingne 	<ul style="list-style-type: none"> In aice le bóithre In aice le huisce Ag gach imeacht
FAICHE STIABHNA	<ul style="list-style-type: none"> Clós súgartha Loch / scairdeáin 	<ul style="list-style-type: none"> Áit lánach na mbláthanna Ceapacha Bláthanna
GAIRDÍNÍ UÍBH EACHACH	<ul style="list-style-type: none"> Eas agus scairdeán Gairdín na rósanna Cathair ghriobháin 	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad
GAIRDÍNÍ NÁISIÚNTA CUIMHNEACHÁIN AN CHOGAIDH	<ul style="list-style-type: none"> Scairdeáin Gairdín na Rósanna 	<ul style="list-style-type: none"> Faichi lánacha
REILIG MHÍLEATA GHRÁINSEACH GHORMÁIN		<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad
REILIG CHNOC AN ARBHAIR	<ul style="list-style-type: none"> Láthair uaighe 1916 	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad
PÁIRC AN FHIONNUISCE	<ul style="list-style-type: none"> Garraí Daingean Bhaile an Ásaigh Clóis súgartha 	<ul style="list-style-type: none"> Gairdíní an Phobail Ionad na gCúairteoirí Áit a bhfuil fianna in aice láimhe In aice le fálróid ar chapail Lánaí rothar
AN tOSPIDÉAL RÍOGA, CILL MHAIGHNEANN	<ul style="list-style-type: none"> Garraí daingean foirmiúil Reilig na nOifigeach 	
GARRAITHE NÁISIÚNTA NA LUS	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad 	
PÁIRC NAOMH ÉANNA	<ul style="list-style-type: none"> Garraí daingean Clós caifé 	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad
CAISLEÁN RÁTH FEARNÁIN		<ul style="list-style-type: none"> Clós lasmuigh den chaifé Céimeanna & póirseáid lasmuigh den doras tosaigh
AN GAIRDÍN CUIMHNEACHÁIN	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad 	
TEACH BHAILE AN CHAISLEÁIN	<ul style="list-style-type: none"> The Courtyard Café 	<ul style="list-style-type: none"> An suíomh ar fad

Nóta: NÍ MÓR MADRAÍ A CHOINNEÁIL FAOI SMACHT AN tAM AR FAD. CEADAÍTEAR MADRAÍ TREORACH I nGACH ÁIT.

ÚINÉIRÍ MADRA

ag Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla i Réigiún Bhaile Átha Cliath



GINEARÁLTA

Tá fáilte roimh mhadraí a bhfuil úinéir* freagrach in éineacht leo ag Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla OOP lena n-áirítear Páirceanna Stairiúla, Gairdíní agus tírdhreacha deartha. Tá áiteanna sonracha ann, áfach, nach gceadaítear madraí iontu nó ar gá madraí a choinneáil ar éill iontu (sonraí thall).

Tá speicis áirithe ann – go mór mór éin a dhéanann neadacha ar an talamh agus fianna – a gcuireann madraí agus daoine isteach orthu go héasca. Tabhair aird ar na comharthaí, le do thoil, chun ár bhfiadhúlra a chosaint.

** Ciallaíonn ‘úinéir’ an duine atá freagrach as an madra a thabhairt isteach sa pháirc. Ciallaíonn ‘do mhadra’ madra ar bith atá tugtha isteach i bpáirc agat.*

NÍ BHAINNEANN NA RIALACHA SEO LE MADRAÍ TREORACH.

LIMISTÉIR SHRIANTA TAOBH ISTIGH DE NA PÁIRCEANNA

Tharlódh go gcuirfí srianta breise sealadacha i bhfeidhm ó am go chéile. Seo roinnt samplaí de chásanna ina n-irraimid ort comhoibriú linn:

- tráthanna áirithe den bhliain, bíonn fianna thar a bheith corraithe má chuirtear isteach orthu, ag am reithíochta, mar shampla. Ar mhaithe le do shábháilteacht féin agus sábháilteacht do pheata, tabhair aird ar an gcomharthaíocht.
- le nach scaipfí galair ar nós galar crúibe is béil. Ní chuirtear srianta den sórt sin i bhfeidhm ach amháin nuair a bhítear tar éis comhairle a lorg ó shaineolaithe ó údarais chú. Beidh comharthaíocht ar taispeáint nuair a bheidh na cúinsí ar leith seo i gceist agus ní mór d’úinéirí cloí leis na treoracha.

SALÚ AG MADRAÍ

Nuair a fhágtar cac madra sa pháirc, cuireann sé isteach ar dhaoine eile sa pháirc, bíonn sé míshláinteach agus déanann sé damáiste tromchúiseach éiceolaíochta do phobail plandaí agus ainmhithe. Ba cheart cac madra a chur i mála, an mála a dhúnadh go daingean agus é a thabhairt abhaile nó é a chur i gceann de na gnáthbhoscaí bruscair a chuirtear ar fáil. Is féidir cac madra a chur i gceann ar bith de na boscaí bruscair a chuirtear ar fáil sa pháirc. Aon duine nach nglanann suas i ndiaidh a mhadra, is féidir an duine sin a ionchúiseamh.

MADRAÍ A CHOINNEÁIL FAOI SMACHT

Madraí atá ó smacht agus atá ag déanamh a lán torainn, cuireann siad isteach ar dhaoine eile sa pháirc. Smaoinigh, le do thoil, go mb’fhéidir nach bhfuil daoine eile sa pháirc chomh ceanúil ar mhadraí is atá tusa, agus go mbíonn faitíos ar dhaoine áirithe – páistí beaga go mór mór – roimh mhadraí. Ba chóir go mbeadh radharc agat ar do mhadra* agus go mbeadh sé faoi smacht an t-am ar fad. Is cion é ligean do do mhadra dul sa tóir ar aon chineál fiadhúlra, é a ghortú nó é a mharú.

MADRAÍ ATÁ IMITHE AMÚ AGUS MADRAÍ AR STRAE

Níl aon phóna madraí sna páirceanna agus ní féidir leis na Gardaí ná le foireann OOP ainmhithe a thabhairt faoina gcúram. Má fheiceann tú madra ar strae i bpáirc, ba cheart duit dul i dteagmháil le seirbhís maorachta madraí an údarais áitiúil ábhartha.

NÍOS MÓ NÁ MADRA AMHÁIN A THABHAIRT AR SHIÚLÓID

Is féidir leis bheith deacair líon mór madraí a choinneáil faoi smacht, mar sin molaimid, mar threoir ghinearálta, nár chóir d’aon duine bheith i gceannas ar níos mó ná 4 mhadra ag aon am amháin.

Comhairle d’úinéirí a thugann níos mó ná madra amháin ar shiúlóid:

- Bíodh radharc agat ar gach madra.
- Bíodh smacht iomlán agat ar na madraí an t-am ar fad.
- Aon mhadra nach féidir bheith cinnte go ngéillfidh sé duit, coinnigh ar éill é.
- Má bhíonn do mhadraí ag bagairt ar fhiadhúlra nó ar dhaoine eile sa pháirc, nó ag cur isteach orthu, is féidir iarraidh ort an pháirc a fhágáil nó is

féidir tú a ionchúiseamh.

TÁ SÚIL AGAINN GO MBAINFIDH TÚ FÉIN AGUS DO MHADRA(I) SULT AS ÁR NIONAID NÁISIÚNTA RÉADMHAOINE STAIRIÚLA

Go raibh maith agat as ucht cabhrú linn chun ár bhfiadhúlra a chosaint agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla OOP sábháilte agus pléisiúrtha dár gcuairteoirí ar fad.

CUIMHNIGH LE DO THOIL

- Ortsa atá an fhreagracht do mhadra a choinneáil faoi smacht agus glanadh suas ina dhiaidh. Mura ndéanfa é sin, d’fhéadfaí tú a ionchúiseamh.
- Bíodh radharc agat ar do mhadra(i) i gcónaí.
- Bíodh fáil réidh agat ar an iall, beidh sí uait.
- Bí an-chúramach, le do thoil, má bhíonn tú ag tabhairt do mhadra ar shiúlóid in aice le raon rothar.
- Cloigh leis na rialacha in áiteanna nach gceadaítear madraí iontu agus in áiteanna inar gá madraí a choinneáil ar éill. Is cion é ligean do do mhadra dul sa tóir ar éin agus ar fhiadhúlra eile nó iad a ghortú.

Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla SONRAÍ TEAGMHÁLA

- Teil: 01- 6458885
- R-phost: superintendent.park@opw.ie
- Nó téigh i dteagmháil leis an bpáirc áitiúil go díreach.